# Droichead – Treoir Thapa don Mhúinteoir Nua Cháilithe (MNC) – Earnáil Iar-bhunscoile

## Cad é Droichead?

Is creat comhtháite ionduchtaithe do ghairmithe é Droichead, a thacaíonn le múinteoirí nuacháilithe agus iad ag foghlaim faoina ngairm le linn chéim an ionduchtaithe, trína gcuirtear síos dúshraith le haghaidh fás agus foghlaim ghairmiúil sna chéad chéimeanna eile dá ngairmeacha.

## Coinníollacha Droichead a chomhlíonadh:

- Dhá chéad uair an chloig a mhúineadh i gcáil fostaí i suíomh oiriúnach lena n-áirítear ábhar nó ábhair ar an gcuraclam iar-bhunscoile a mhúineadh do rang ainmnithe ar amchlár na scoile, nó i gcáil múinteora tacaíochta foghlama, riachtanas speisialta nó tacaíochta teanga.
- Bheith páirteach i bpróiseas Droichead lena n-áiritear meascán de ghníomhaíochtaí ionductaithe scoile agus de ghníomhaíochtaí foghlama gairmiúla breise.
- A dhearbhú go bhfuil sí/sé ullamh le dul ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile ar chontanam an oideachais do mhúinteoirí. Déanann an MNC agus baill na Foirne TG dearbhú comhpháirteach go gcreideann siad, tar éis machnamh comhpháirteach, go raibh siad páirteach, trí Droichead, i bpróiseas ardchaighdeáin múinteoireachta agus foghlama.

## Caighdeáin Droichead

Seo na rudaí a dhéanfaidh MNC fad a bhíonn siad páirteach i bpróiseas Droichead:

1. Páirt a ghlacadh ar shlí ghairmiúil in ionduchtú scoile agus i ngníomhaíochtaí breise foghlama gairmiúla

2. A thaispeáint go bhfuil siad dáiríre faoi mhúinteoireacht agus foghlaim ar ardchaighdeán a chothú dá ndaltaí

3. Tabhairt faoi chleachtas machnamhach a thacaíonn le foghlaim agus cleachtas gairmiúil, ina n-aonar agus i bpáirt le múinteoirí eile.

## Cé a thacóidh leis an MNC?

Foireann múinteoirí lánchláraithe is ea an Fhoireann Tacaíochta Gairmiúla a bhfuil cúig bliana ar a laghad de thaithí múinteoireachta acu, más féidir, agus a bhféadfadh an príomhoide a bheith ina measc, a chomhoibreoidh chun tacaíocht agus meantóireacht a chur ar fáil don MNC le linn an ionduchtaithe scoile. Beidh clár foghlama gairmiúla déanta ag baill uile an FTG leis an Roinn Ionduchtú Droichead, agus forbairt scileanna meantóireachta san áireamh ann.

## Cad is ionduchtú scoile ann?

Aon ghníomhaíocht /chomhrá gairmiúil ar leibhéal scoile a thugann deis don mhúinteoir machnamh a dhéanamh ar chleachtas gairmiúil agus an cleachtas sin a mhionathrú agus a oiriúnú dá réir m.sh. comhráite gairmiúla le ball den FTG/comhghleacaí eile faoin teagasc agus faoin bhfoghlaim, breathnú ar mhúinteoireacht agus ar fhoghlaim agus raon gníomhaíochtaí eile ionduchtaithe.

## Breathnú

Cuid thábhachtach den Droichead is ea an breathnú. San áireamh anseo tá breathnú a dhéanfadh an MNC ar mhúinteoirí a bhfuil níos mó cleachtaidh acu  chomh maith le breathnú ar chleachtas an MNC a dhéanfadh ball den FTG. Socraítear an dá chineál breathnaithe roimh ré, agus is deis iad do MNCanna foghlaim ó ghairmithe eile.

I gcás breathnú bhall den FTG ar chleachtas an MNC, ba chóir díriú ar réimsí a mbraitheann an MNC go bhfuil tuilleadh comhairle, cabhrach nó tacaíochta de dhíth uirthi/air maidir leo. Moltar dhá cheann de gach cineál breathnú seomra ranga a dhéanamh agus is iad an MNC agus an FTG le chéile a shocróidh an líon agus na ranganna a bhreathnófar.

| Taisce |
| --- |
| Úsáideann an Chomhairle Múinteoireachta an téarma Taisce don phróiseas seo d'fhoghlaim bunaithe ar phunann. Trí bheith páirteach i bhfoghlaim bunaithe ar phunann, bíonn deis ag an MNC machnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim ghairmiúil ar shlí a oireann dóibh féin agus réimsí ina mbeidh tuilleadh tacaíochta nó treorach uathu a aithint agus pleanáil lena n-aghaidh. |

| Gníomhaíochtaí Breise Foghlama |
| --- |
| **Cnuascruinnithe:** Bíonn MNCanna páirteach i chnuaschruinniú amháin gach téarma. Is iad na comhpháirtithe Droichead a eascraíonn na cruinnithe seo i gcomhair le grúpa MNCanna agus maireann siad dhá uair a chloig um thráthnóna. Is é fad phróiseas Droichead a shocraíonn cá mhéad cnuaschruinnithe a gcaithfidh MNC freastal orthu, I gcomhairle leis an FTG.<br><br>**Gníomhaíochtaí Breise Foghlama Gairmiúla:** Ba chóir do MNCanna páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht ghairmiúil foghlama, a roghnaíonn siad féin de réir a riachtanais foghlama gairmiúla féin, i gcomhairle leis an FTG. Ar na gníomhaíochtaí foghlama is coitianta tá rannpháirtíocht i gceardlann, cruinniú de Líonra Gairmiúil Múinteoirí (cumann ábhair), gníomhaíocht foghlama chumaisc/ar líne, freastal ar chomhdháil, Féilte, srl. |

| Cad iad na céimeanna i bpróiseas Droichead? |
| --- |
| • Féach chuige go bhfuil tú cláraithe leis an gComhairle Múinteoireachta.<br>• Labhair leis an bpríomhoide agus/nó le meantóir mar gheall ar phróiseas Droichead i do scoil féin.<br>• Seol iarratas ar phróiseas Droichead a thosú chuig www.teachingcouncil.ie.<br>• Cuir in iúl don FTG é nuair a fhaigheann tú ríomhphoist deimhnithe ón gComhairle Múinteoireachta de bhrí nach féidir tús a chur leis an bpróiseas go dtí go bhfaightear an ríomhphost sin.<br>• Léigh Cnuaschruinnithe: Eolas Tábhachtach agus Prótacal Tinreamh.<br>• Deimhnigh dátaí agus amanna na gCnuaschruinnithe agus cláraigh chun freastal orthu.<br>• Cuir eolas ar Chaighdeáin Droichead agus ar ghearrchuntas Droichead do scoile féin. |

